# Cruth Ceibeab

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 3T<br>*Comhtháthú - Teanga , OSIE, OSPS, na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - ábhair agus próisis oiriúnacha a roghnú le haghaidh tascanna matamaiticiúla<br>• Cumarsáid agus cur in iúl - gníomhaíochtaí matamaiticiúla a phlé agus a mhíniú<br>• Réasúnaíocht - patrúin inbhraite a aithint agus a chruth |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | sféar, ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sreang, mála draíochta, faobhar, coirnéal, aghaidh, díreach, cuar/cuartha, cruinn, leibhéalta |
| **Áiseanna** | cruthanna 3T le poll iontu, sreang, mála draíochta, marla, cruthanna 3T, blutac, bia, bia bréige |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Úsáid mála draíochta chun sféir, ciúbanna, ciúbóidigh agus sorcóirí a thabhairt isteach.

### 2 Gníomhaíocht 2

Bhí Mol Mata ag siopadóireacht agus tá cabhrú ag teastáil uaidh an bia a shórtáil. Is maith le Mol Mata an bia a eagrú de réir a chrutha. Taispeáin sféar do na daltaí agus iarr ar na daltaí a rá na bianna atá cosúil leis an gcruth seo. Athdhéan é seo le ciúbanna, ciúbóidigh agus sorcóirí. Pléigh airíonna gach crutha.

### 3 Gníomhaíocht 3

Is maith le Mol Mata cruthanna ceibeab de dhath amháin a dhéanamh do Lá an Domhain. Roghnaíonn gach dalta dath agus socraíonn siad ar na cruthanna a chuirfidh siad ar an gceibeab.  Déanann gach dalta ceibeab agus pléann siad é lena gcomhscoláire.

### 4 Gníomhaíocht 4

Ceistigh na daltaí faoin gciall atá leis an bhfocal patrún. Déanann na daltaí iarracht ceibeab de phatrún crutha a chruthú. Níl ach dath amháin ag teastáil ó na ceibeabanna. Cuireann gach beirt a gceibeab i láthair don rang, ainmníonn siad na cruthanna agus pléann siad an patrún.

### 5 Gníomhaíocht 5

Ar thuras campála, is féidir leis na daltaí tine oscailte agus ceibeabanna samhlaíocha a dhearadh agus a chruthú. Tá cead ag na daltaí pé dathanna agus cruthanna 3T is mian leo a úsáid chun an tine oscailte agus chun na ceibeabanna a dhéanamh. Is féidir leo a gcuid ceibeabanna a chócaráil ar chaoi shamhlaíoch.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na cruthanna a d'úsáid tú?<br>• An rollann do cheibeab?<br>• Cé mhéad cruth a d'úsáid tú?<br>• Cad iad na dathanna a d'úsáid tú?<br>• Cé mhéad x a d'úsáid tú? | • An féidir leat patrún a fheiceáil?<br>• Cad iad na patrúin is féidir leat a dhéanamh le dhá/trí/ceithre chruth?<br>• Cad a tharlódh mura mbeadh sféir agat?<br>• An féidir leat smaoineamh ar bhealach níos fearr chun an ceibeab a dhéanamh?<br>• An féidir leat a mhíniú conas a rinne tú do cheibeab?<br>• Conas is féidir leat a chinntiú go rollfaidh/nach rollfaidh do cheibeab? Mínigh é seo. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Laghdaigh líon na gcruthanna 3T más gá. Cuir samplaí de phatrúin ar fáil do na daltaí más gá.